C/2025/4002

16.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(M.12032 – BROOKFIELD / QATAR HOLDING / QUBE HOLDINGS / PATRICK TERMINALS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4002)

1. An 9 Iúil 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Brookfield Corporation ('Brookfield', Ceanada),

— Qatar Holding LLC ('Qatar Holding', Catar) atá faoi rialú Qatar Investment Authority ('QIA', Catar),

— Qube Holdings Limited ('Qube', an Astráil),

— PTH No 1 Pty Ltd ('Patrick Terminals', an Astráil).

Gheobhaidh Brookfield, trína fheithicil éadála Walker TC Pty Ltd, Qatar Holding agus Qube Logistics rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Patrick Terminals.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Brookfield a dhíríonn ar chumhacht in-athnuaite agus ar an aistriú in-athnuaite, bonneagar, cothromas príobháideach, réadmhaoin, creidmheas corparáideach, sócmhainní réadacha agus cothromais liostaithe, léasú eitlíochta agus maoiniú speisialtachta.

— Is cuideachta sealbhaíochta dhomhanda é Qatar Holding a infheistíonn i gcothromas príobháideach agus poiblí. Tá sé faoi úinéireacht QIA, ciste infheistíochta Stáit a infheistíonn ar fud raon leathan aicmí sócmhainní agus réigiún.

— Soláthraíonn Qube seirbhísí comhtháite lóistíochta allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus san Áise Thoir Theas.

— Soláthraíonn Patrick Terminals oibríochtaí stíbheadóireachta coimeádán agus oibríochtaí gaolmhara críochfoirt coimeádán san Astráil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12032 — BROOKFIELD / QATAR HOLDING / QUBE HOLDINGS / PATRICK TERMINALS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË